Sparánacht Chruthaitheach do Chleachtóirí 2023

Treoirlínte

Spriocdháta Iarratais 06.04.23

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Clár an ábhair

Réamhrá 3
Cad iad na hathruithe atá tagtha ar an sparánacht? 3
Cad iad aidhmeanna agus cuspóirí na sparánachta? 4
Cé atá i dteideal an Sparánacht a fháil?..... 4
Cad iad na rudaí a thacófar leo tríd an Sparánacht?..... 4
Critéir..... 5
Measúnú 5
D'Iarratas a Chomhlánú..... 6
D’Iarratas a chur isteach..... 6
Coinníollacha d’Iarratasóirí a n-Éiríonn leo 7
Saoráil Faisnéise..... 8
Cosaint Sonraí..... 8
Fiosrúcháin..... 9

Réamhrá

Mar a leagadh amach sa tuarascáil *Treonna Nua: Plean Straitéiseach do na healaíona 2021 – 2026*, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do chleachtóirí cruthaitheacha a fhorbairt mar aon le tírdhreach cultúrtha ár gcathrach i gcoitinne. Oibrímid go dlúth leis an gComhairle Ealaíon chun cur chuige oscailte agus cothrom maidir le hinfheistíocht agus forbairt a chruthú. Tríd an gcreat-chomhaontú atá againne, an tÚdarás Áitiúil, leis an gComhairle Ealaíon, táimid tiomanta do thacaíochtaí láidre a sholáthar do na healaíontóirí inár measc mar aon le hacmhainní agus deiseanna.

Tacaíonn an ciste seo le cleachtóirí cruthaitheacha ar mian leo oibreacha a fhorbairt agus a gcleachtas gairmiúil, cruthaitheach a chothú. Cuimsítear dhá shnáithe sa scéim chistithe seo. I Snáithe 1 tugtar cuireadh iarratas a dhéanamh ar suas le €500 agus i Snáithe 2 is féidir iarratas a dhéanamh ar €501 - €3,000. Ní féidir ach iarratas a dhéanamh ar Shnáithe 1 nó ar Shnáithe 2. Beidh raon leathan cruthaitheachta i gceist leis an gcistiú, lena n-áireofar amharc-chultúr, litríocht, scannánaíocht chomhaimseartha, ceol, damhsa, ailtireacht agus drámaíocht.

Cad iad na hathruithe atá tagtha ar an sparánacht?

Roimhe seo tugadh An Sparánacht d'Ealaíontóirí Aonair ar an Sparánacht do Chleachtóirí Cruthaitheacha. Tháinig an t-athrú seo chun cinn mar gheall ar líon mór na gcleachtóirí cruthaitheacha i gCathair na Gaillimhe ar mhaith leis an gComhairle Ealíon tacú leo. Speagaimid iarratasóirí ó na healaíona comhaimseartha go léir seachas ó amharc-ealaíontóirí amháin.
Tá uasmhéid na sparánachta tar éis dul i méid ó €1,500 sna blianta roimhe seo go dtí €3,000 sa bhliain 2023.

Cad iad aidhmeanna agus cuspóirí na sparánachta?

Is í príomhaidhm na sparánachta ná tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí cruthaitheacha agus iad a chumasú chun dul i mbun a gcleachtas, taighde a dhéanamh agus forbairt a dhéanamh laistigh den disciplín atá roghnaithe acu.

Cé atá i dteideal an Sparánacht a fháil?

(i) Cleachtóirí Cruthaitheacha aonair atá ag obair sna disciplíní a leanas:

Ailtireacht	Ealaín Fuaime
Ealaíona Pobail	Drámaíocht
Sorcas	Ealaíona Traidisiúnta
Ealaín Dhigiteach	Ildisciplíneach
Damhsa	Ceol
Féilte	Ceoldrámaíocht
Scannáin & Físeáin	Amharc-ealaín
Litríocht	

(ii) Tá an sparánacht seo oscailte dóibh siúd amháin atá ina gcónaí i gceantar riaracháin Chathair na Gaillimhe. Má tá tú i do chónaí i gContae na Gaillimhe, tá scéimeanna den chineál seo á reáchtáil ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae na Gaillimhe freisin, agus d'fhéadfá a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh orthu.

(iii) Caithfidh 18 mbliana d'aois a bheith sáraithe ag iarratasóirí ar sparánachtaí.

Cad iad na rudaí a thacófar leo tríd an Sparánacht?

(i) Am agus spás

(ii) Meantóireacht

(iii) Oideachas/Oiliúint (Ní mhaoinítear Staidéar Fochéime ná Iarchéime).

(iv) Ábhair

(v) Costais Shuiteála/Taispeántais

(vi) Costais chun Suíomh Gréasáin a Fhorbairt

(vii) Costais Chónaitheachta

Critéir

Cuirfear an méid a leanas san áireamh nuair a bheidh d'iarratas á mheasúnú:

A	**Cáilíocht Ealaíne agus Uaillmhian** - Nádúr nuálaíoch do thogra.	25%
B	**Samplaí de Cháilíocht Oibre** - Measúnú ar do chúlra agus cuntas teiste cruthaithe sna healaíona. - Fianaise dhoiciméadach maidir le hobair phleanáilte (e.g. litir ghlactha ó siompóisiam, conradh le meantóir) má bhaineann sé le hábhar.	25%
C	**An Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar Fhorbairt Ealaíne an Duine Aonair** - An mbeidh éifeacht fhiúntach agus dhearfach ag an ngníomhaíocht seo ar do chleachtas mar ealaíontóir / ar do ghairm bheatha, agus ar chleachtas/ghairm bheatha daoine eile.	25%
D	**Féidearthacht** - An bhfuil acmhainn ionat do thionscadal a thabhairt chun críche go rathúil. Áirítear leis seo bainistíocht bhuiséid, margaíocht agus measúnú. - Soiléirtheacht do thogra	25%

Measúnú

Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe gach iarratas a mheas. Déanfar d'iarratas a scóráil bunaithe ar an gcaoi a chomhlíonann sé na critéir thuasluaite.

Ginfear liosta tuilleamais ó na scóir seo. Cé go mbeidh ról suntasach ag an liosta tuilleamais sna cinntí a dhéanfar maidir le maoiniú, ní hiad an t-aon tionchar a bheidh i gceist. Beidh méid an mhaoinithe a bheidh á thairiscint bunaithe ar an mbuiséad iomlán atá ar fáil mar aon leis na critéir measúnaithe a úsáidtear do na hiarratasóirí agus do na dámhachtaithe. Beidh aiseolas ar fáil d'iarratasóirí maidir lena n-iarratas ach é a iarraidh.

D'Iarratas a Chomhlánú

- Cuimhnigh go mbeidh baint ag roinnt daoine sa chinnteoireacht. Mar sin, déan cinnte de go bhfuil d'iarratas soiléir, achomair agus gan débhrí.
- Ná déan talamh slán de go bhfuil aithne ag daoine ar do chuid oibre – Cuir gach iarratas isteach amhail is dá mbeadh sé á chur isteach agat den chéad uair.
- Cuimhnigh go ndéantar d'iarratas a mheasúnú bunaithe ar an eolas go léir a sholáthraítear laistigh de chomhthéacs iomaíoch ina bhfuil móran iarratas eile.
- Bíodh smaoineamh soiléir agus réadúil agat maidir leis na rudaí atá ag teastáil uait agus faoin méid a chosnaíonn do thogra.
- Déanfar iarratasóirí a dhícháiliú má tharlaíonn aon chanbhasáil. Déantar gach iarratas a mheas bunaithe ar an méid atá san iarratas amháin. Ní bhainfear bunáiste ar bith as teagmháil a dhéanamh roimh ré leis an Oifig Ealaíon maidir le d'iarratas.

D'Iarratas a chur isteach

Laistigh de choicís ón lá a fhaightear d'iarratas, eiseofar admháil fhoirmiúil, mar aon le huimhir thagartha, go bhfuarthas é. Mura bhfaigheann tú an admháil seo

laistigh den am sin, is ort féin atá an fhreagracht teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon maidir leis seo. Ní mór duit cinnte a dhéanamh de go bhfuil na cáipéisí go léir atá riachtanach ceangailte le d'iarratas ar líne.

Beidh d'iarratas neamhbhailí mura bhfuil:

- Foirm iarratais chomhlánaithe go hiomlán curtha isteach agat
- Na cáipéisí go léir atá riachtanach curtha isteach agat leis an bhfoirm iarratais (ní féidir glacadh le cáipéisí breise tar éis an spriocdháta)
- D'iarratas curtha isteach agat faoin spriocdháta – 06.04.23

Coinníollacha d'Iarratasóirí a n-Éiríonn leo

- Ní mór an maoiniú a úsáid chun críche na nithe atá leagtha amach i d'iarratas agus chun na críche sin amháin.
- Ní mór don mhaoiniú a bheith caite roimh 1 Meán Fómhair 2023.
- Sa chás go leithdháiltear deontas le haghaidh imeachta / tionscadail faoi leith, ní bheidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as an árachas don imeacht / tionscadal sin. Molann an Oifig Ealaíon bheith cinnte go bhfuil dóthain árachais agat don imeacht / tionscadal sular gcuirfear tús leis.
- Má dhéantar an t-imeacht nó an tionscadal a athrú, a chur siar nó a chur ar ceal – é go léir nó cuid de – ní mór dul i dteagmháil leis an Oifig Ealaíon agus é seo a phlé.
- Ní mór aitheantas a thabhairt do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar gach ábhar fógraíochta, preasa agus margaíochta a tháirgtear maidir leis an tionscadal nó leis an imeacht ar líne de réir ár dTreoirlíne Aitheantais atá le fáil ar ár suíomh gréasáin.

Saoráil Faisnéise

Tá fáilte romhat aiseolas a iarraidh sa chás nach n-éiríonn le d'iarratas. Moltar é seo a dhéanamh mar d'fhéadfadh sé cabhrú leat forbairt a dhéanamh ar iarratais ar sparánachtaí eile.

Tugann Comhairle Cathrach na Gaillimhe gealltanas go gcoimeádfaidh sí faoi rún aon fhaisnéis a chuireann iarratasóirí ar fáil de réir a hoibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014. Iarrtar ar iarratasóirí a machnamh a dhéanamh an bhfuil aon chuid den fhaisnéis nár chóir í a scaoileadh de bharr íogaireachta. Más amhlaidh nár chóir, ba chóir d'iarratasóirí, nuair atá an fhaisnéis á soláthar acu, í a shainaithint agus cúiseanna na híogaireachta a mhíniú. Mura n-aithnítear go bhfuil an fhaisnéis sin íogair agus mura mheasann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil sí íogair, d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a scaoileadh gan dul i gcomhairle leis na hiarratasóirí sa chás go ndéanfaí iarratas ar Shaoráil Faisnéise. Rachaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle le hiarratasóirí faoi fhaisnéis atá íogair sula ndéanann siad cinneadh mar gheall ar aon iarratas ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

Foilseofar sonraí na n-iarratasóirí a n-éiríonn leo ar ár suíomh gréasáin agus ar ár gcainéil mheáin shóisialta.

Cosaint Sonraí

Coimeádfar aon fhaisnéis phearsanta a thugtar dúinn de réir ár bPolasaí um Chosaint Sonraí, atá le fáil anseo.

Fiosrúcháin

Má tá aon cheist agat, seol ríomhphost chuig an bhfoireann ag arts@galwaycity.ie agus cuir “Fiosrúchán – Sparánacht do Chleachtóirí Cruthaitheacha 2023” i líne an ábhair.